

Straitéis Chumarsáide Seachtraí na gCoimisinéirí Ioncaim 2016-2018

Misean na gCoimisinéirí Ioncaim: Freastal ar an bpobal trí chánacha agus trí dhleachtanna a bhailiú go cothrom agus go héifeachtúil agus rialuithe custaim a chur i bhfeidhm.

Tá Straitéis Cumarsáide na gCoimisinéirí Ioncaim mar bhonn taca ag ár Misean, Straitéis agus príomhspríocanna chun seirbhís a sholáthar maidir le comhlíonadh, agus aghaidh a thabhairt ar neamhchomhlíonadh.

- Is é aidhm ár Straitéis Cumarsáide Seachtraí ná a chinntiú go ndéanaimid cumarsáid shoiléir lenár ngeallsealbhóirí go dtugaimid eolas soiléir, tráthúil agus intuigthe ionas dár gcustaiméirí ionas gur féidir leo a bheith cáin-chomhlíontach go deonach, agus lena chinntiú go mbeidh tuiscint ar iarmhairtí neamhchomhlíonta,
- Táimid ag lorg leibhéal ard iontaoibhe agus muiníne i neamhspleáchas, sláine, éifeachtúlacht agus cáilíocht oibríochtaí na gCoimisinéirí Ioncaim.
- Luach lárnach dúinn is ea rúndacht an cháinócóra a chosaint agus a urramú.

Tosaíochtaí Cumarsáide	Príomhtheachtaireachtaí
<ul style="list-style-type: none"> ▪ Eolas spriodhírthe, cruinn, soiléir agus comhsheasmhach a sholáthar ar bhealach tráthúil, ag baint úsáide as raon leathan cainéal cumarsáide, lena n-áirítear na meáin shóisialta mar is cuí. ▪ Seirbhísí ar líne, ROS agus myAccount a chur chun cinn mar an bealach is tapúla agus is costéifeachtaí chun gnó a dhéanamh leis na Coimisinéirí Ioncaim. ▪ Poiblíocht a dhéanamh ar an réaltacht atá ann maidir le rátaí arda comhlíonta cánach deonach. ▪ Feasacht ar na hiarmhairtí tromchúiseacha agus costasacha a bhaineann le neamhchomhlíonadh a neartú. ▪ Poiblíocht a dhéanamh ar na gníomhaíochtaí a dhéanann na Coimisinéirí Ioncaim chun dul i ngleic le neamhchomhlíonadh agus leis an scáthgheilleagar. ▪ Muinín sa chaoi a chosnaímid rúndacht an cháinócóra a uasmhéadú. ▪ Trédhearcacht a chothú, idirphlé beartas a éascú agus tacú le tionscnamh Sonraí Oscailte an Rialtais trí níos mó eolais staitistiúil a chur ar fáil agus a dhéanamh níos inrochtana. 	<ul style="list-style-type: none"> ▪ Bailíonn na Coimisinéirí Ioncaim airgead dlite don Stáit agus téann siad i ngleic le smuigleáil. ▪ Gníomhaíonn na Coimisinéirí Ioncaim laistigh den dlí go macánta, agus tá siad neamhspleách, cóir, neamhchlaonta agus comhsheasmhach. ▪ Tá sé mar aidhm ag na Coimisinéirí Ioncaim costais chomhlíonta a laghdú dár gcustaiméirí trí oibriú go héifeachtúil agus trí roghanna seirbhíse costéifeachtacha a sholáthar. ▪ Tugann na Coimisinéirí Ioncaim faisnéis agus treoir shoiléir maidir le raon leathan ceisteanna cánach agus dleachta teicniúil. ▪ Cuidíonn na Coimisinéirí Ioncaim lena gcustaiméirí an méid ceart cánach a íoc agus a dteidlíochtaí a éileamh. ▪ Tá tú freagrach as a chinntiú go bhfuil an méid ceart cánach á íoc agat. ▪ Tá leibhéal chomhlíonta cánach deonach ard. ▪ Sábhálann tú am agus airgead nuair a dhéanann tú gnó leis na Coimisinéirí Ioncaim ar líne. ▪ Oibríodh na Coimisinéirí Ioncaim le gnóthaí inmharthana a bhfuil deacrachtaí sealadacha acu a gcuid íocaíochtaí a dhéanamh sa chás ina mbíonn an caidreamh macánta agus go ndéantar go luath é. ▪ Sa chás ina mbraithimid imghabháil cánach, íocfaidh tú cáin, ús agus pionóis. D'fhéadfaí tú a fhoilsiú ar Liosta na Mainnitheoirí Cánach agus d'fhéadfaí tú a ionchúiseamh. ▪ Baineann na Coimisinéirí Ioncaim úsáid as córais dhigiteacha tosaigh, anailís sonraí agus iliomad foinsí sonraí tríú páirtí (lena n-áirítear eischósta) chun imghabháil cánach a aithin. ▪ Tugann na Coimisinéirí Ioncaim aghaidh láidir ar sheachaint cánach. ▪ Tá imghabháil cánach mídhleathach. Má tá a fhios agat aon duine atá ag imghabháil cánach nó a bhfuil baint acu le smuigleáil, déan é a thuairisciú do na Coimisinéirí Ioncaim. ▪ Cosnaíonn agus urramaíonn na Coimisinéirí Ioncaim rúndacht an cháinócóra.